



Dáta	Leibhéal ranga Rang a Cúig	Ábhar Matamaitic
Snáithe Ailgéabar	Snáithaonad Uimhreacha Treocha.	
Teideal Foghlaim faoi Chriosanna Aigéin agus Teochtaí Aigéin a Thaifeadadh.		
Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go gcuirfear ar chumas na leanaí uimhreacha deimhneacha agus uimhreacha diúltacha a shainaithint agus a thaifeadadh ar an uimhirlíne. Úsáidtear doimhneachtaí an Aigéin agus teochtaí Aigéin mar shamplaí.		
Scileanna atá Riachtanach Tuiscint choincheapúil agus an cumas chun uimhreacha treocha a chur i gcomhthéacs i gcásanna fíorshaoil.		
Cuspóirí foghlama Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh: Uimhreacha deimhneacha agus uimhreacha diúltacha a shainaithint i gcomhthéacs na huimhirlíne agus leibhéil na farraige. Chomh maith leis sin, scrúdóidh na daltaí an laghdú ar theochtaí uisce sna criosanna difriúla aigéin. Bileog oibre a chomhlánú chun an fhoghlaim a chomhdhlúthú.	Gníomhaíochtaí foghlama Plé faoi Threoir: Foghlaim roimhe sin faoin uimhirlíne a atabhairt chun cuimhne. Suíomh na n-uimhreacha deimhneacha agus na n-uimhreacha diúltacha ar an uimhirlíne a scrúdú agus a phlé. Déan plé leis na leanaí ar dhoimhneachtaí difriúla an aigéin agus léirigh na teochtaí. Déan plé go bhfuil cisil ag an aigéan agus go bhfuil a theocht féin ag gach ciseal. Bíonn solas na gréine ag téamh bharr / dhromchla an aigéin. Mar sin féin, éiríonn sé níos fuaire de réir mar a théitear i ndoimhneacht an aigéin mar a bhfuil sé níos dorcha (gan solas na gréine). Bíonn an ghrian ag lonrú ar chrios sholas na gréine le linn an lae. Tá a chiseal ón dromchla thart ar -200 méadar ar doimhneacht. Bíonn éagsúlacht (e.g. aimsir, sruthanna dromchla, etc.) sa teocht i gcrios sholas na gréine ach is ionann an teocht agus thart ar 13-20°C ar an meán. Is é crios an bhreacsholais an chéad	

	<p>leibhéal eile den aigéan. Ní fhaigheann sé ach leibhéil ísle solais le linn an lae agus bíonn sé dorcha tríd is tríd. Cuimsíonn an ciseal sin den aigéan doimhneacht -200 méadar go dtí thart ar -1000 méadar. Bíonn éagsúlacht ina threocht ó 4-20°C.</p> <p>Is i ndorchadas amháin a bhíonn crios an mheán oíche. Cuimsíonn a dhoimhneachtaí -1000 méadar go dtí -4000 méadar. Ní ann d'aon "am lae" anseo ar chor ar bith. Bíonn teochtaí i gcrios an mheán oíche cothrom le thart ar 4°C.</p> <p>Tá an crios aibhéiseach ag bun an aigéin -4,000 méadar go -6,000 méadar ar domhain. Is ionann an teocht sa chrios aibhéiseach agus idir 2°C agus 3°C.</p> <p>Tá crios an trinse sa chuid is doimhne den aigéan. Is cuas cúng fada v-chruthach é i ngrinneall an aigéin. Tá sé -6000 méadar go -11,000 méadar ar domhain. Féadann sé teochtaí reo faoi bhun 1°C a bhaint amach.</p> <p>Foghlaim Ghníomhach: Tarraingíonn na leanaí uimhirlíne chothrománach ó +10 go dtí -10. Cuirtear 0 san áireamh.</p> <p>Obair i mBeirteanna: Bogadh ó uimhreacha deimhneacha go huimhreacha diúltacha ar an uimhirlíne de réir mar a iarrann comhpháirtí.</p> <p>Bileog oibre: Bileoga oibre a chomhlánú.</p>
	<p>Acmhainní</p>

	Uimhirlíne (Ingearach agus cothrománach) Bileoga oibre (faoi iamh)
Difreáil Gníomhaíochtaí grúpa agus ról ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh.	
Measúnú Ceist agus freagra, Aiseolas ó bhéal ó na leanaí, breathnú ag an múinteoir, Seiceáil ag an múinteoir, samplaí d'obair na ndaltaí, scrúdú deireadh aonaid (Bileog oibre).	
Nascadh agus Comhtháthú Eolaíocht: Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar na hainmhithe a mhaireann ag leibhéil dhifriúla san aigéan.	

Rang a Cúig	Snáithe: Ailgéabar	Snáithaonad: Uimhreacha Treocha
<p>Cuir na teochtaí seo in ord ar an teirmiméadar:</p> <p style="text-align: center;"> 16°C 37°C -33°C -6°C -25°C 2°C 25°C 11°C -14°C </p> <div style="text-align: center; margin: 20px 0;">  </div>		
<p>Ainm:</p> <p>Dáta:</p>		

Rang a Cúig	Snáithe: Ailgéabar	Snáithaonad: Uimhreacha Treocha	
Comhlánaigh doimhneacht an uisce i gcriosanna an aigéin agus cuir san ord ceart iad:			
-4,000 go -6,000 m -200 go -1000 m -6000 go -11,000 m 0 go -200 m -1000 go -4000 m			
Comhlánaigh an teocht i ndoimhneacht chriosanna an aigéin ach úsáid a bhaint as na teochtaí atá liostaithe thíos:			
4°C 13-20°C 2-3°C 4- 20°C 1°C			
Tabhair faoi deara go laghdaíonn an teocht de réir mar a éiríonn an t-aigéan níos doimhne.			
	Ainm an chreasa	Doimhneacht uisce	Teocht uisce
	Crios Sholas na Gréine: bíonn sé á théamh ag an ngrían.		
	Crios an Bhreacsholais: ní fhaigheann sé ach méid beag solais ón ngrían.		
	Crios an Mheán Oíche: ní shroicheann solas na gréine an crios seo		
	An Crios Aibhéiseach: is i ndorchadas amháin a bhíonn an t-uisce		

Explorers Education Programme

	Na Trinsí: bun na gcodanna is doimhne den aigéan. Den chuid is mó, bíonn na limistéir sin le sonrú i dtrinsí domhainmhara agus i gcainneoin.			
Ainm: Dáta:				